



www.VisitWaterfordGreenway.com

# Waterford Greenway

Ireland's Ancient East®
*Wander Through Time*

***Rian mórthaibhseach rothaíochta agus siúil easbhóthair, atá 46 km ar fhaid is ea Rian Glas na nDéise, a thógann tú ar shean-iarnród ó Chathair Phort Láirge go dtí Dún Garbhán.***

**Waterford Greenway is a spectacular 46 km off-road cycling and walking trail along an old railway line which takes you from Waterford City all the way to Dungarvan.**

SCALE: 4km approx.

## GREENWAY SECTIONS

- Waterford – Killoteran (7.5km)
- Killoteran – Kilmeaden (3km)
- Kilmeaden – Kilmacthomas (13.5km)
- Kilmacthomas – Durrow (12km)
- Durrow – Clonea Road (6km)
- Clonea Road – Dungarvan (4km)




### SEIRBHÍSÍ / SERVICES

- Wheelchair Access
- Toilets
- Refreshments
- Gardens
- Attraction
- Bird of Prey Centre
- Play Area
- Beach
- Tourist Information
- Accommodation
- Castle
- Bike Hire

### ROCHTAIN LE PÁIRCEÁIL (GPS) / ACCESS WITH PARKING (GPS) – JUST PUT THE NUMBERS INTO GOOGLE MAPS!

- » **Waterford City** 52.264399, -7.120462
- » **Bilberry** 52.269717, -7.137518
- » **W.I.T. West Campus** 52.25464, -7.18054
- » **Killoteran** 52.24492, -7.20525
- » **Kilmeadan** 52.24644, -7.24664
- » **Workhouse** 52.20199, -7.40631
- » **Station** 52.20609, -7.42098
- » **Mill** 52.205858, -7.424621
- » **McGraths Cross** 52.1899, -7.46559
- » **Durrow** 52.129048, -7.506394
- » **Clonea Road** 52.100245, -7.565395
- » **Dungarvan** 52.092489, -7.616947

# TAKE A BEAUTIFUL JOURNEY

*Rian mórthaibhseach rothaíochta agus siúil 46 km easbhóthair atá i gceist leis an iar-mhórlíne iarnróid ó Chathair Phort Láirge go dtí Dún Garbhán. Taisteal ar thuras thar am agus nádúr trasna aon droichead déag, thar trí tharbhealaigh mhórthaibhseacha agus trí thollán fada atmaisféarach an tslí ar fad ó Abhainn na Siúire go dtí Cuan Dhún Garbhán.*

*Ar an Rian seo in Oirthear Ársa na hÉireann, tá láithreán Lochlannach ón 9ú aois; gairdíní mhóra ornáideacha Bhruachaille, a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain; Iarnród caol oidhreachta Phort Láirge agus Ghleann na Siúire; iar-mhuillte olla agus sean stáisiúin iarnród; chomh maith le tírdhreacha álainne feadh Abhainn na Siúire, Sléibhte an Chomaraigh, Cósta an Chopair agus Cuan Dhún Garbhán. Bain taitneamh as turas aoibhinn.*

The old railway line from Waterford City to Dungarvan is a spectacular 46km off-road cycling and walking trail which travels through time and nature across eleven bridges, three impressive viaducts and a long atmospheric tunnel all the way from the River Suir to Dungarvan Bay.

Along this route in Ireland's Ancient East is the site of a 9th century Viking settlement; the world renowned ornamental gardens at Mount Congreve; Waterford & Suir Valley narrow gauge heritage railway; former woollen mills and railway stations; and beautiful landscapes along the River Suir, Comeragh Mountains, The Copper Coast and Dungarvan Bay. Enjoy the beautiful journey.

## CÓD ÓMÓIS / CODE OF RESPECT

*Bíodh meas agat ar an Rian Glas agus ar a chuid úsáideoirí. Úsáid roinnte atá i gceist leis an Rian Glas seo.*

Respect the Greenway and all its users. This is a shared use Greenway.

- » *Fan ar chlé agus scoith ar dheis*
- » *Tóg bruscar abhaile*
- » *Éist i gcomhair chloigíní rothar*
- » *Stad agus géill slí don trácht ag na trasnuithe bóithre*

- » Keep left and pass on right
- » Bring litter home
- » Listen for bicycle bells
- » Stop and give way to traffic at road crossings

- » *Buail do chloigín*
- » *Gluais ag luas sábháilte*

- » Ring your bell
- » Cycle at a safe speed

- » *Coimeád madraí ar iall ghairid*
- » *Glan suas i ndiaidh do mhadra*

- » Keep dogs on a short lead
- » Clean up after your dog

# *AG TRASNÚ NA NDÉISE* – DISCOVER VIKINGS, VALLEYS & VIADUCTS

## *Cathair Phort Láirge – Cill Odhráin*
## Waterford City to Killoteran 7.5km



*Ag tosnú ag Cé Grattan, déanann an chuid seo de Rian Glas na nDéise a bhealach siar cois Abha na Siúire, ag dul thar an sean-Droichead Iarainn Dearg, droichead mórthaibhseach Thomás Proinsias Uí Mheachair agus ar aghaidh i dtréo Champas Thiar IT Phort Láirge. Ar an gcuid seo den Rian Glas rachaidh tú thar láithreán Lochlannach Bhaile na Coille, an áit ar nochtaigh seandálaithe, sa mbliain 2003, carn iarsmaí ó láithreán Lochlannach ón 9ú aois, láithreán atá níos sine ná Cathair Phort Láirge. Tá na déantúsáin ar thaispeáint i dTúr Raghnaill sa chathair. Ní féidir dul isteach ar an láthair, ach is féidir féachaint trasna air (soir uait) ó dhroichead Chill Odhráin, áit a bhfuil aoil iontach ceithre bhá. D'úsáideadh é seo chun aoil a dhó i gcomhair fheirmeoireachta agus chun aoldath a chur ar thithe sa 19ú aois.*

Beginning at Grattan Quay, this section winds its way westward along the River Suir, passing the old Red Iron Bridge, the impressive Thomas Francis Meagher Bridge and on towards W.I.T. West Campus. On this section you will pass the Woodstown Viking site, where, in 2003 archaeologists uncovered extensive finds from a 9th Century Viking site that predates Waterford City. Artefacts are on display in Reginald's Tower Museum in the city. The site is not accessible but can be seen (viewing eastwards) from Killoteran bridge where there is a very impressive four bay limekiln. This was used to burn lime for farming and whitewashing houses in the 19th Century.

## *Cill Odhráin – Cill Mhíodáin*
## Killoteran to Kilmeadan 3km



*Ar mhaith leat blaiseadh beag a fháil den Rian Glas? Más ea, seo an chuid is oiriúnaí duit ag 3km. Tá an chuid seo den Rian an-oiriúnach dóibh siúd le páistí beaga nó do dhaoine ar bheagluaineachta. Téann an chuid seo den Rian Glas thar Ghairdíní álainne Bhruachaille, lena bhailiúchán iontach d'asáilianna, caiméilia agus róslabhrais. Tá radharcanna den scoth thar Abhainn na Siúire, áit ar féidir corr réisc nó madra uisce a fheiscint agus tá crainn scáthach agus fothrach Chaisleán Chill Mhíodáin ón 17ú aois le feiscint ar do shlí chomh maith. Is féidir leat sneaic a bheith agat ag stáisiún Chill Mhíodáin agus turas a thógaint ar thraein oidhreachta Phort Láirge & Ghleann na Siúire ar an iarnród caol. www.wsvrailway.ie.*

Looking for a bite-sized experience of the Waterford Greenway? Then this 3km section is for you. This short stretch is very suitable for those with small children or reduced mobility. This section runs past the beautiful Mount Congreve Gardens with its magnificent collection of Azaleas, Camellias and Rhododendron. There are beautiful views of the River Suir where you might spot a heron or an otter, shady trees and the 17th Century ruins of Kilmeadean Castle. At Kilmeadean Station you can enjoy a snack and take a trip on the narrow gauge Waterford & Suir Valley heritage train. www.wsvrailway.ie.

## *Cill Mhíodáin – Coill Mhic Thomáisín*
## Kilmeadan to Kilmacthomas 13.5km



*Ag tú ag dul siar ó Stáisiún Chill Mhíodáin, bí ag faire amach i gcomhair stoc simléir Mhuilinn an tSrutháin Aoibhinn; muileann páipéir ón 18ú aois, a bhí ina mhuileann olla ina dhiaidh san. Is féidir cuairt a thabhairt ar ghairdíní Theach an tSrutháin Aoibhinn www.Fairbrook-House.com. Tá an chuid seo den Rian Glas ar an gcuid is tréadaí, le tírdhreach feirmeoireachta réidh, le radharcanna ar Shléibhte an Chomaraigh agus tú ag druidim i dtreo Choill Mhic Thomáisín. Bí ag faire amach i gcomhair sean Thigh na mBocht ó 1850, áit a bhfuil caifé gnóthach anois. Níl tú ach 1km ó shráidbhaile Choill Mhic Thomáisín ag an bpoinnte seo.*

Heading west from Kilmeadan Station, look out for the chimney stack of Fairbrook Mill; an 18th century paper mill, which became a woollen mill in later years. You can also visit the gardens at Fairbrook House www.Fairbrook-House.com. This section of the Greenway is the most pastoral, a gentle farming landscape with views of the Comeragh Mountains as you approach Kilmacthomas. Look out for the old workhouse which dates from 1850 and now the site of a bustling café. You are only 1km away from Kilmacthomas Village at this point.

## *Coill Mhic Thomáisín –Darú*
## Kilmacthomas to Durrow 12km



*Tá a thuilleadh áiteanna le stopadh chun sólaistí a fháil i gCoill Mhic Thomáisín. Tá radharcanna iontacha chomh maith ón tsráidbhaile, agus ó Pháirc na Mílaoise ach go háirithe, ar an tarbhealach mórthaibhseach (1878). Ar ais ar an Rian Glas agus ag dul i dtreo Dharú, bain taitneamh as na radharcanna iontacha ar Shléibhte an Chomaraigh. Trasnaigh Tarbhealach Dharú, thar fothraigh Stáisiún Darú agus foirgneamh simplí le díon dearg air, a bhí mar halla rince áitiúil sna 1940daí agus 1950daí. Is iontach an áit í tigh tabhairne agus siopa Uí Mhathúna i nDarú chun uachtar reoite nó deoch a fháil.*

You will find more places to exit and stop for refreshments in Kilmacthomas. You can also get great views of the impressive viaduct (1878) from the village, best seen from Millennium Park. Back on the Greenway and heading towards Durrow, enjoy great views of the Comeragh Mountains. Cross over Durrow Viaduct, past the ruins of Durrow Station and a simple red-roofed building that was the local dancehall of the 1940s and 50s. O'Mahony's of Durrow is a great place to stop for ice cream and a drink.

## *Darú – Bóthar Chluain Aodha*
## Durrow to Clonea Road 6km



*Téann an chuid mhórthaibhseach seo den Rian Glas trí thollán Bhaile Uí Bhaoill, tollán 400 méadar ar fhaid, atá lasta go hatmaisféarach, agus ar aghaidh thar Tarbhealach stairiúil Bhaile Uí Bhaoill, a pléascadh le linn an Chogaidh Chathartha sa mbliain 1922.*

*Beidh aer na farraige le hanálú agus tú ag druidim i dtreo radharcanna iontacha ar Thrá Chluain Aodha agus Chuan Dhún Garbhán. Tá radharc trasna ar Cheann Heilbhic agus ar cheantar Gaeltachta na Rinne ó Chnoc Uí Uallacháin.*

This spectacular section of the Greenway travels through the atmospherically lit 400 metre long Ballyvoyle Tunnel and over the historic Ballyvoyle Viaduct which was blown up in 1922 during the Civil War.

Inhale the sea air as you approach breathtaking views of Clonea Strand and Dungarvan Bay. At Knockyoolahan you can see across to Helvic Head and An Rinn - Waterford's only Gaeltacht area.

## *Bóthar Chluain Aodha – Dún Garbhán*
## Clonea Road to Dungarvan 4km



*Ritheann an chuid deireannach den Rian Glas feadh an chósta, thar an tóchair, trí Dhún na Mainistreach agus isteach go dtí Dún Garbhán, baile margaidh beoga cois cósta le cé pictiúrtha. Tar éis dul ar mhalairt slí ar feadh achar beag, tiocfaidh tú ar thrá álainn, ghainmheach, brait ghoirm Chluain Fhia.*

*Tagann deireadh leis an aistear seo ag Páirc Walton i lár Dhún Garbhán, áit gur féidir leat taitneamh a bhaint as roinnt caiféanna agus bialanna iontacha, cuairt a thabhairt ar Chaisleán Dhún Garbhán, ar Mhúsaem Chontae Phort Láirge agus ar Ionad Ealaíon Seanteach an Mhargaidh.*

The final leg of the Greenway runs along the coastline, over the causeway, through Abbeyside and into Dungarvan, a vibrant coastal market town with a picturesque quayside. A short detour will take you to the beautiful, sandy, blue flag beach of Clonea Strand.

The beautiful journey comes to an end in Walton Park right in the centre of Dungarvan, where you can enjoy some great cafes and restaurants and visit Dungarvan Castle, Waterford County Museum and the Old Market House Arts Centre.



# Rian Glas na nDéise

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

MUNSTER VALES

#WaterfordGreenway

E: contact@waterfordcouncil.ie
T: 0761 10 20 20

## NEED TO HIRE A BIKE?

Check out **www.visitwaterfordgreenway.com** for further details and information.

**www.VisitWaterfordGreenway.com**